Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

# FÓGRA TÁBHACHTACH FAOI CHOINNE SOCHAIR BREOITEACHTA A MHAÍOMH

**Tabhair faoi deara go ndéantar na párollaí roimh ré mar sin de ní fheicfidh tú an asbhaint ó do thuarastal go dtí párolla an mhí dar gcionn/an choicís i ndiaidh d'asláithreachta (ag brath ar an dóigh a n-íoctar thú)**

Tá seans ann go mbeidh gach Ball Foirne -Múinteoirí, cúntóirí riachtanais speisialta agus baill eile atá as láthair ar saoire bhreoiteachta (ceadaithe, criticiúil agus a bhaineann le toircheas ar ráta lán phá/leath phá) i dteideal do Shochar Breoiteachta a mhaíomh ó RCS, ag brath ar a ranníocaíochtaí ÁSPC.

Íocann RCS an Sochar Breoiteachta **díreach** leis an mball foirne (déan cinnte go gcuireann tú do BIC agus IBAN féin ar an bhfoirm). **Níor chóir do bhaill foirne a éilimh RCS a sheoladh chuig BOOÁCDL le próiseáil.**

Ní mór gach foirm a líonadh ina hiomláine agus a chur díreach chuig an RCS trí iarratas a dhéanamh ar líne nó chuig an seoladh luaitear ar an IB1 agus MED1 (Deimhniú Éagumais chun Oibre). Ní mór do bhaill foirne teastas dochtúra caighdeánach óna ndochtúir a fháil ar mhaithe le taifead scoile agus cinntiú de go bhfaigheann an scoil na teastais dochtúra agus go gcuireann an scoil an asláithreacht isteach tríd an bpríomhthairseach go pras.

**Pá Breoiteachta Reachtúil (PBR)**

Ón 1 Eanáir 2024, mhéadaigh an Pá Breoiteachta Reachtúil (PBR) ó 3 lá go 5 lá don bhliain 2024. (**Fanfaidh sé ar 5 lá as seo amach níl méadú ag teacht air)**

Más 5 lá nó níos lú ná sin é do chéad Shaoire Breoiteachta deimhnithe in 2025 **NÍ MÓR DUIT** iarratas a dhéanamh ar Shochar Breoiteachta. Nuair atá do 5 lá Pá Breoiteachta Reachtúil caite agat is cuma más laethanta leanúnacha nó aonaracha iad rachaidh tú ar ais chuig an 3 gnáthlá feithimh.

Amharc ar na samplaí thíos:-

- Má tá an ball foirne, atá ar Shaoire Breoiteachta Deimhnithe (SBD) don chéad uair in 2025, as láthair ar feadh 5 lá leanúnacha, ní bheadh asbhaintí IB ar bith.
- Má théann siad ar shaoire bhreoiteachta arís, áfach, níos déanaí sa bhliain, beidh asbhaintí ann ar lá 4 den dara shaoire bhreoiteachta.

Tabhair faoi deara nach mbíonn laethanta féindeimhnithe mar chuid de do Phá Breoiteachta Reachtúil ach, má ghlacann tú saoire bhreoiteachta deimhnithe mar **lá aonair** beidh na laethanta seo mar chuid de do theidlíocht Shaoire Breoiteachta.

Cuirfidh an RCS na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas i ndiaidh don sochar breoiteachta a bheith íoctha agus coigeartóidh na Coimisinéirí creidmheasanna cánach go huathoibríoch leis an ioncam a chur san áireamh. Tá sé an-tábhachtach go gcuireann an ball foirne in iúl don scoil faoin asláithreacht mar gheall ar shaoire bhreoiteachta agus go gcuireann an Leas-Phríomhoide an asláithreacht isteach sa PhríomhThairseach chomh luath agus is féidir.

**Mura bhfuil an asláithreacht curtha in iúl in am nó má théann cuid seachtainí thart sula gcuirtear an asláithreacht isteach sa PhríomhThairseach, déanfar an aisíocaíocht shochair bhreoiteachta de bharr BOOÁCDL don tréimhse iomlán asláithreachta sa chéad tréimhse phárolla eile atá ar fáil. Dá bheadh an asbhaint sochair bhreoiteachta carntha níos mó ná an pá comhlán don tréimhse, ní bheadh pá ar bith ann mar thoradh agus bheadh an t-iarmhéid gan íoc bainte den chéad thréimhse phá eile.**

Beidh asbhaintí déanta de réir rialacha an RCS a rialaíonn incháilitheacht an shocair bhreoiteachta. Cúiteoidh an íocaíocht faighte ag an n-éilitheoir ón RCS don asbhaint seo.

Sa chás go bhfuil múinteoir, cúntóir riachtanais speisialta nó ball foirne eile i dteideal ráta íslithe shochair bhreoiteachta mar gheall ar leibhéal ioncaim nó síntiúis easnamhacha agus níl siad i dteideal shochair bhreoiteachta, ní mór dóibh a chur in iúl do absencemgt@ddletb.ie agus fianaise i scríbhinn ón RCS a thabhairt. Beidh an ráta asbhainte laethúil socraithe ach an fógra seo a fháil.

**Tá tuilleadh eolais ar phróiseas an shochair bhreoiteachta ar fáil ar shuíomh an RCS - www.welfare.ie**